# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021**

# CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(300 marc)**

DÉ CÉADAOIN 23 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**: **Formáid Nua do scrúdú 2021.**

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist **(A nó B)** agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin (A nó B)** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (100 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| **ROINN 1 (120 marc) Formáid Nua do scrúdú 2021.** |
|:---:|
| Freagair **Ceist 1 (A nó B)** |
| NÓ |
| **DHÁ** cheist ar bith eile |

**1. Freagair (A) NÓ (B)**

**(A) Trádálaí Aonair – Cuntais Deiridh.**

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair A. Uí Chionnaith ar 31/12/2020:

| | **€** | **€** |
|---|---:|---:|
| Talamh agus foirgnimh (costas €900,000) | 795,000 | |
| Veaineanna seachadta (costas €380,000) | 310,000 | |
| Trealamh ar a gcostas | 178,800 | |
| Lascaine (glan) | | 4,700 |
| Morgáiste seasta 5% (€50,000 a eisíodh ar 31/03/2020 san áireamh) | | 280,000 |
| Infheistíochtaí 3% a fuarthas ar 01/08/2020 | 210,000 | |
| Stoc 01/01/2020 | 68,700 | |
| Díolacháin | | 1,797,300 |
| Ceannacháin | 1,105,000 | |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta | 135,800 | |
| Fógraíocht (fionraí san áireamh) | 36,000 | |
| Ús infheistíochta faighte | | 2,200 |
| Tarraingtí | 60,000 | |
| Rátaí | 43,200 | |
| IMÁT, ÁSPC, MSU | | 3,875 |
| CBL | | 29,900 |
| Banc | | 52,100 |
| Ús morgáiste a íocadh don chéad trí mhí | 2,375 | |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 97,300 | 68,600 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 3,500 |
| Caipiteal | ________ | 800,000 |
| | 3,042,175 | 3,042,175 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) B’fhiú €72,100 an stoc ar a chostas ar 31/12/2020. San áireamh san fhigiúr seo tá stoc damáistithe a chosain €12,400 ach a bhfuil glanluach inréadaithe de 25% den chostas air anois.

(ii) Cuireadh earraí chuig custaiméir ar bhonn ‘Díol nó Aischur’ ar 31/12/2020. Iontráladh na hearraí seo sna leabhair mar dhíol creidmheasa €28,000, arb ionann é agus marcáil suas 25% ar chostas.

(iii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar ráta bliantúil de 20% den chostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
Nóta: Rinneadh veain seachadta a chosain €42,000 ar 30/09/2016 a thrádáil isteach ar 31/03/2020 in aghaidh veain nua a chosain €67,000. Tugadh lamháltas €11,000 ar an seainveain. Rinneadh an seic do ghlanmhéid an bhirt seo a iontráil sa chuntas bainc ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannachán stoic trádála. B’in na haon hiontrálacha amháin a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart seo.

(iv) Le linn 2020 scrios dóiteán seomra stórais a chosain €75,000 agus stoc a chosain €24,000. D’aontaigh an chuideachta árachais €90,000 a íoc mar chúiteamh as an damáiste a rinne an dóiteán. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an dóiteán.
Thóg fostaithe an ghnólachta féin seomra stórais. Caitheadh le costas a gcuid oibre, €44,000, mar chostas gnó agus tógadh na hábhair, a chosain €38,000, as an stoic a bhí ann. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an seomra stórais.

(v) Tá na foirgnimh le dímheas ar ráta 2% dá gcostas sa bhliain (chosain an talamh €400,000). Socraíodh an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €1,100,000 ar 31/12/2020.

(vi) Tarlaíonn an figiúr don fhionraí toisc gur iontráladh an figiúr mícheart d’ús morgáiste (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus íocaíocht €2,900 le creidiúnaithe nár iontráladh ach sa chuntas bainc amháin.

(vii) Tógadh an figiúr don bhanc sa chomhardú trialach as cuntas bainc an ghnólachta.
Ach tá ráiteas bainc dar dáta 31/12/2020 tagtha isteach a thaispeánann rótharraingt €29,200. Léiríonn comparáid idir an cuntas bainc agus an ráiteas bainc na neamhréitigh seo:
1. Fuarthas aistriú creidmheasa €1,800 ar 31/12/2020 maidir le fiach €2,500 a bhí díscríofa cheana féin mar dhrochfhiach. D’aontaigh an féichiúnaí an fuílleach a íoc laistigh de dhá mhí. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair chun an beart seo a thaifeadadh.
2. Breacadh seic ar €18,700 a eisíodh do sholáthraí sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €17,800.
3. Cuireadh ar ais seic €4,800 a eisíodh le soláthraí. Níor iontráladh é sin sna leabhair.
4. Níor seachadadh seic i leith fógraíochta ar €17,200 chun íoctha.

(viii) Ba cheart soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:
1. Ioncam infheistíochta dlite agus ús morgáiste dlite.
(Nóta: Tagraíonn 20% den ús morgáiste don bhliain don chuid phríobháideach den fhoirgneamh.)
2. Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go 6% de na féichiúnaithe.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2020 a ullmhú. (75)

**(b)** Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2020 a ullmhú. (45)

**(120 marc)**

**1. (B) Cuntais Deiridh Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san áireamh**

Tá caipiteal údaraithe €3,000,000 ag Ó Conghaile Teo., atá roinnte ina 2,500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 500,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann.
Baineadh an comhardú trialach seo thíos as na leabhair ar 31/12/2020:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh mhonarchan (costas €1,008,000) | 860,000 | |
| Gléasra agus innealra (costas €860,000) | 202,000 | |
| Paitinní | 76,000 | |
| Lascaine (glan) | | 3,700 |
| Bintiúir 4% (€60,000 a eisíodh ar 30/04/2020 san áireamh) | | 300,000 |
| Infheistíochtaí 3% a fuarthas ar 01/08/2020 | 180,000 | |
| Stoic ar láimh 01/01/2020 | | |
| Amhábhair | 95,000 | |
| Obair idir lámha | 26,700 | |
| Earraí críochnaithe | 60,000 | |
| Díolacháin | | 1,750,000 |
| Ceannach amhábhar | 655,000 | |
| Pá díreach monarchan | 275,000 | |
| Forchostais ghinearálta mhonarchan (fionraí san áireamh) | 101,400 | |
| Fruiliú trealaimh speisialta | 45,000 | |
| Díol dramhábhar | | 20,000 |
| Carraeireacht ar amhábhair | 13,100 | |
| Speansais díola | 87,000 | |
| Speansais riaracháin | 121,800 | |
| CBL | | 29,900 |
| Banc | 146,000 | |
| Díbhinní íoctha | 68,000 | |
| Ús Bintiúir íoctha | 3,200 | |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 174,000 | 78,600 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 5,000 |
| Scairchaipiteal eisithe - gnáthscaireanna | | 1,000,000 |
| - scaireanna tosaíochta 5% | | 360,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2020 | 358,000 | |
| | 3,547,200 | 3,547,200 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Stoic ar láimh ar 31/12/2020:

| | | |
|---|---|---|
| | Amhábhair | €52,400 |
| | Obair idir lámha | €24,900 |
| | Earraí críochnaithe | €64,000 |

(ii) San áireamh san fhigiúr do dhíol dramhábhar tá €11,000 a fuarthas ar sheanmheaisín a díoladh in 2020. Chosain an meaisín sin €24,000 in 2014.

Tá costas gléasra agus innealra le díscríobh de réir méid chothroim thar 10 mbliana agus ag deireadh na tréimhse sin beidh **dramhluach de 5% den chostas tosaigh** ar ghléasra agus innealra. Is é an polasaí dímheasa ná dímheas iomlán bliana a ghearradh i mbliain a gceannaithe agus gan faic a ghearradh i mbliain a ndiúscartha.

(iii) Cuireadh earraí críochnaithe chuig custaiméir ar 31/12/2020 ar bhonn 'Díol nó Aischur'. Taifeadadh na hearraí sin sna leabhair mar dhíol creidmheasa de €16,000, marcáil suas de 25% ar chostas.

(iv) Tarlaíonn an figiúr fionraí toisc gur ceadaíodh lascaine €1,400 a iontráladh i gcuntas na bhféichiúnaithe amháin agus toisc gur iontráladh ceannacháin amhábhar ar cairde €11,000 i gcuntas na gceannachán amháin.

(v) Baineadh an figiúr don bhanc sa chomhardú trialach as taifid an ghnólachta. Ach tháinig ráiteas bainc isteach dar dáta 31/12/2020 a léiríonn iarmhéid de €148,300. Tháinig na neamhréitigh seo thíos chun solais nuair a cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid lena chéile:

1. Obadh seic €2,000 a fuarthas ó fhéichiúnaí. Níor iontráladh é seo sna leabhair.
2. Iontráladh seic ar €7,500 a fuarthas ó fhéichiúnaí sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €5,700.
3. Ní raibh seic ar €2,500, a eisíodh do chreidiúnaí, seachadta chun íoctha.

(vi) Le linn na bliana scrios dóiteán stoc amhábhar a chosain €8,000. D'aontaigh an chuideachta árachais cúiteamh 85% a íoc.

(vii) Ba cheart soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:

1. Ioncam infheistíochta dlite agus ús dlite ar bhintiúir.
2. Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 4% de na féichiúnaithe.
3. Tá paitinní á ndíscríobh thar thréimhse 6 bliana a thosaigh in 2018.
4. Ba chóir coimisiún bónais de 2% ar na díolacháin os cionn €1,000,000 a íoc leis an Stiúrthóir Díolachán, agus é sin a mhéadú go dtí 3% ar aon díolacháin os cionn €1,500,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas déantúsaíochta, trádála, brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2020 a ullmhú. (75)

**(b)** Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2020 a ullmhú. (45)

**(120 marc)**

## 2. Ráitis Tháblacha

Léiríonn an clár comhardaithe seo thíos staid airgeadais Uí Bheirgin Teo., grósaeir, ar 01/01/2020:

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/01/2020** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas go dáta** | **Glan** |
| | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 390,000 | 15,000 | 375,000 |
| Trealamh | 144,000 | 47,800 | 96,200 |
| | 534,000 | 62,800 | 471,200 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | | 56,200 | |
| Féichiúnaithe (Lúide soláthar 4%) | | 99,840 | |
| Speansais réamhíoctha | | 1,200 | |
| | | 157,240 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 39,400 | | |
| CBL | 4,000 | | |
| Banc | 14,500 | 57,900 | 99,340 |
| | | | 570,540 |
| | | | |
| **Maoinithe ag** | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Údaraithe - 600,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | | |
| Eisithe - 450,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | 450,000 | |
| Scairbhiseach | | 90,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | 30,540 | |
| | | | 570,540 |

Rinneadh na bearta seo a leanas le linn 2020:

| | |
|---|---|
| Ean | Bheartaigh Ó Beirgin Teo. an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €450,000 ar 01/01/2020. Baineann €120,000 den luach nua sin leis an talamh. |
| Fea | Ar 01/02/2020 cheannaigh Ó Beirgin Teo. gnólacht tadhlach a chuimsigh foirgnimh €78,000, trealamh €38,000, féichiúnaithe €10,000 agus creidiúnaithe €12,000. Glanadh an praghas ceannaigh trí 100,000 scair in Ó Beirgin Teo. a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 20c an ceann. |
| Már | Bheartaigh an bhainistíocht go méadófaí an soláthar in aghaidh drochfhiach go 4.5% de na féichiúnaithe ar 31/03/2020. |
| Beal | Fuarthas ráiteas bainc ag deireadh mhí na Bealtaine 2020 a léirigh dochar díreach €7,500 chun árachas don bhliain dar críoch 28/02/2021 a chlúdach agus aistriú creidmheasa €6,350 chun cíos a fuarthas roimh ré don tréimhse 01/05/2020 go 28/02/2021 a chlúdach. |
| Lún | Cuireadh ar ais earraí a dhíol Ó Beirgin Teo. cheana ar €1,107. San áireamh san fhigiúr sin tá CBL ar 23% agus marcáil suas de 20% ar chostas.<br>D'eisigh Ó Beirgin Teo nóta creidmheasa €1,000 toisc moill i gcur ar ais na n-earraí seo. |
| Sam | Ghlac creidiúnaí a raibh €2,700 dlite dó ó Ó Beirgin Teo. le cuisneoir/reoiteoir, de luach glan €2,600 de réir na leabhar, mar íocaíocht iomlán ar an bhfiach. Chosain an reoiteoir/cuisneoir seo €5,000. |
| Noll | Beidh muirear dímheasa de réir 2% dá luach glan de réir na leabhar ar na foirgnimh don bhliain. Déanfar an muirear dímheasa a ríomh ó dháta na hathluachála nó ó dháta an cheannaigh de réir mar is cuí. Ba é an muirear dímheasa iomlán don bhliain ar threalamh ná €9,200. |

**Iarrtar ort:**

An tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn agus ar an dliteanas ábhartha a bhreacadh ar ráiteas táblach, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2020 a oibriú amach.

**(60 marc)**

## 3. Dímheas ar Shócmhainní Seasta

Ullmhaíonn Iompar Uí Riain Teo. a gcuntais deiridh go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta a gcuid feithiclí a dhímheas ar ráta **15% dá gcostas sa bhliain**, á ríomh ón dáta ceannaigh go dtí an dáta diúscartha agus an dímheas seo a charnadh i gcuntas soláthair in aghaidh dímheasa.

Ar 01/01/2019, bhí na feithiclí seo a leanas ag Iompar Uí Riain Teo.:

Uimh. 1 a ceannaíodh ar 01/01/2015 ar €60,000
Uimh. 2 a ceannaíodh ar 01/04/2016 ar €74,000
Uimh. 3 a ceannaíodh ar 01/08/2017 ar €84,000

Ar 01/06/2019, tuairteáladh feithicil uimh. 3 agus trádáladh isteach í in aghaidh feithicil nua a chosain €90,000. Fuair an chuideachta €50,000 mar chúiteamh agus íocadh seic €86,000 ar an bhfeithicil nua.

Ar 01/09/2020, trádáladh isteach feithicil uimh. 1 ar €16,000 in aghaidh feithicil nua a chosain €96,000. Feistíodh aonad cuisnithe a chosain €24,000 i bhfeithicil uimh. 1 ar 01/07/2016. Rinneadh an t-aonad cuisnithe seo a dhímheas ar ráta 20% dá chostas gach bliain den chéad dá bhliain agus ar ráta 15% dá chostas gach bliain as sin amach.

**Iarrtar ort iad seo thíos, mar aon leis an oibriú amach, a thaispeáint do gach ceann den dá bhliain 2019 agus 2020**:

**(a)** Cuntas na bhfeithiclí. (6)

**(b)** An cuntas soláthair in aghaidh dímheasa. (32)

**(c)** An cuntas diúscartha feithiclí. (14)

**(d)** (i) An chúis a ngearrann cuideachta dímheas nuair a bhíonn brabús á ríomh aici a mhíniú.

(ii) An sliocht ábhartha as an cuntas brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2020 a thaispeáint. (8)

**(60 marc)**

**4. Cuntais Rialúcháin Féichiúnaithe**

Léirigh cuntas rialúcháin mhórleabhar na bhFéichiúnaithe S. Mhic Óda na hiarmhéideanna seo: €44,400 dr agus €820 sr ar 31/12/2020. Níor réitigh na figiúirí seo leis an sceideal (liosta) d'Iarmhéideanna féichiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna.
Léirigh scrúdú ar na leabhair iad seo a leanas:

(i) Caitheadh le lascaine €75 nár lamháladh do chustaiméir mar lascaine a lamháladh i gcuntas an mhórleabhair ghinearálta agus cuireadh €57 de shochar i gcuntas an chustaiméara.

(ii) Breacadh ús €84, a cuireadh de mhuirear ar chuntas custaiméara a bhí dlite thar téarma, mar ba cheart sa chuntas úis é ach cuireadh €84 do shochar i gcuntas an chustaiméara. Tar éis don chustaiméir gearán a dhéanamh laghdaíodh é sin go €60. Níor breacadh an laghdú sin sna leabhair.

(iii) Iontráladh díolacháin €2,480 ar thaobh an tsochair i gcuntas custaiméara. San áireamh ansin bhí díolacháin €1,570 ar airgead síos.

(iv) Fuair S. Mac Óda €220 ó fhéichiúnaí i leith féich a díscríobhadh roimhe sin. Is ionann sin agus 80% den drochfhiach tosaigh. Gheall an féichiúnaí go n-íocfadh sé fuílleach an fhéich mar gur mian leis trádáil le S. Mac Óda arís. Níor cuireadh aon iontrálacha sna leabhair maidir leis na hidirbhearta seo.

(v) Sonrasc de €2,590 a chuir S. Mac Óda chuig custaiméir, breacadh sa leabhar lae cuí é mar €2,950. Nuair a bhí sé á bhreacadh sa mhórleabhar ón leabhar seo ní dhearnadh iontráil ar bith i gcuntas an chustaiméara.

(vi) Ghlac S. Mac Óda le luach €450 d'earraí ar ais ó chustaiméir agus bhreac sé é sin i gceart sna leabhair. Seoladh nóta creidmheasa, áfach, a thaispeáin táille athstocála 10% den phraghas díolacháin. Ní dhearna cléireach na gcuntas an coigeartú cuí ach i gcuntas an chustaiméara. Laghdaíodh an táille seo go 4% ina dhiaidh sin ach níor léiríodh an laghdú seo sna cuntais.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas rialúcháin mhórleabhar coigeartaithe na bhféichiúnaithe a ullmhú. (22)

**(b)** Sceideal (liosta) coigeartaithe féichiúnaithe a ullmhú a léiríonn an bun-iarmhéid. (30)

**(c)** Mínigh tábhacht na gcuntas rialúcháin. (8)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (100 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**5. Léirmhíniú Cuntas**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais deiridh Fauci cpt, déantóir gléasanna slándála ríomhairí, don bhliain dar críoch 31/12/2020. Tá caipiteal údaraithe €350,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 200,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 150,000 scair thosaíochta 9% ar €1 an ceann. Tá an 200,000 gnáthscair agus an 100,000 scair thosaíochta 9% go léir eisithe ag Fauci cpt.

| **Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2020** | |
|---|---|
| | **€** |
| Díolacháin | 908,000 |
| Costas na n-earraí a díoladh | (560,000) |
| Speansais oibriúcháin don bhliain | (289,000) |
| Ús don bhliain | (20,000) |
| Glanbhrabús don bhliain | 39,000 |
| Díbhinní íoctha | (13,000) |
| Brabús coinnithe | 26,000 |
| Iarmhéid brabúis & caillteanais 01/01/2020 | 45,000 |
| Iarmhéid brabúis & caillteanais 31/12/2020 | 71,000 |

| **Cóimheasa agus eolas don bhliain dar críoch 31/12/2019** | |
|---|---|
| Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire | 16c |
| Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire | 6.4c |
| Cumhdach úis | 3.2 uair |
| Cóimheas fíorthástála | 1.8:1 |
| Luach margaidh 1 ghnáthscaire | €1.60 |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid | 9.07% |
| Giaráil | 62% |
| Cumhdach díbhinne | 2.5 uair |
| Toradh díbhinne | 4% |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2020** | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | | | 255,000 |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | | | 200,000 |
| | | | 455,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 174,000 | | |
| Stoc 31/12/2020 | 62,000 | 236,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 40,000 | | |
| Rótharraingt Bhainc | 30,000 | (70,000) | 166,000 |
| | | | 621,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| Bintiúir 8% (faoi urrús 2030) | | | 250,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | | 200,000 | |
| Scaireanna tosaíochta 9% @ €1 an ceann | | 100,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | 71,000 | 371,000 |
| | | | 621,000 |

**(a)** **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2020**:
(déan an t-áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) Díolacháin airgid más 3 mhí an tréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.

(ii) Toradh ar chaipiteal in úsáid.

(iii) Praghas reatha an mhargaidh más é an cóimheas idir praghas agus tuilleamh ná 12.

(iv) Cumhdach díbhinne.

(v) Cumhdach úis. (50)

**(b)** Cuir in iúl cé acu an mbeadh nó nach mbeadh na gnáth-scairshealbhóirí sásta le feidhmíocht agus staid reatha na cuideachta agus lena bhfuil i ndán di amach anseo. Bain úsáid as cóimheasa agus as eolas ábhartha eile chun tacú le do fhreagra.

(40)

**(c)** (i) Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le giaráil ard a beith ag ghnólacht?

(ii) Luaigh **dhá** shlí chun giaráil cuideachta a laghdú.

(10)

**(100 marc)**

## 6. Cuntais Fhoilsithe

Tá scairchaipiteal údaraithe de €1,250,000 ag Tedros cpt, roinnte ina 1,000,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 scair thosaíochta 8% ar €1 an ceann.
Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2020:

| | € | € |
|---|---|---|
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 508,000 | |
| Veaineanna seachadta – dímheas carntha ar 01/01/2020 | | 86,200 |
| Infheistíochtaí 4% (ceannaithe 01/04/2020) | 120,000 | |
| Talamh agus foirgnimh ar a gcostas | 840,000 | |
| Foirgnimh – dímheas carntha ar 01/01/2020 | | 62,600 |
| Ioncam infheistíochta | | 2,400 |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 370,460 | 168,750 |
| Stoc 01/01/2020 | 58,600 | |
| Paitinn 01/01/2020 | 120,000 | |
| Speansais riaracháin | 424,000 | |
| Costais dáileacháin | 88,700 | |
| Ceannacháin agus díolacháin | 1,123,000 | 2,036,600 |
| Ioncam ó chíosanna | | 55,200 |
| Brabús ar dhíol talún | | 87,000 |
| Díbhinní íoctha | 42,000 | |
| Banc | 75,000 | |
| CBL | 24,500 | |
| Caipiteal Eisithe | | |
| Gnáthscaireanna | | 750,000 |
| Scaireanna tosaíochta 8% | | 150,000 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 14,800 |
| Bintiúir 7% 2025/2026 | | 240,000 |
| Lascaine | | 27,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais ar 01/01/2020 | | 127,710 |
| Ús bintiúir íoctha | 14,000 | |
| | 3,808,260 | 3,808,260 |

**Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar:**

(i) Ba é an stoc ar 31/12/2020 ná €72,660.

(ii) Ceannaíodh an phaitinn ar 01/01/2014 ar €360,000. Tá sí á hamúchadh thar 9 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh seo le háireamh i gcostas na ndíolachán.

(iii) Ba cheart soláthar a dhéanamh dóibh seo: ús bintiúir dlite, ioncam infheistíochta dlite, táillí iniúchóirí €12,000, táillí stiúrthóirí €64,000 agus cáin chorparáide €46,000.

(iv) San áireamh sna costais dáileacháin tá fáltas €18,000 ar ríchíosanna paitinne.

(v) Le linn na bliana, díoladh talamh taobh le háitreabh na cuideachta ar €347,000, agus a chosain €260,000 roimhe sin. (An talamh a bhí fágtha, chosain sé €350,000 roimhe sin.)

Tá dímheas ar fhoirgnimh le soláthar ar ráta 2% den chostas in aghaidh na bliana de réir méid cothrom agus le dáileadh mar 25% ar chostais dáileacháin agus 75% ar speansais riaracháin. Níor ceannaíodh ná níor díoladh foirgnimh le linn na bliana.

Ag deireadh na bliana d'athluacháil an chuideachta a cuid talún agus a cuid foirgneamh ar €1,250,000 agus is mian léi an luach sin a chuimsiú i gcuntais na bliana seo.

(vi) Tá dímheas le déanamh ar veaineanna seachadta ar ráta 15% dá gcostas in aghaidh na bliana de réir méid cothrom.

(vii) Tá iarfhostaí ag cur an dlí ar an gcuideachta ar bhonn dífhostú éagórach. Tá sé ráite ag comhairleoirí dlí **gur dócha go mbeidh an chuideachta faoi dhliteanas**. Meastar go bhfuil an dliteanas ag €60,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** An cuntas brabúis agus caillteanas foilsithe a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2020 agus clár comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin de réir Achtanna na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasaíochta cuí, a thaispeánann na nótaí seo a leanas:

1. Nóta ar bheartas cuntasaíochta faoi shócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc
2. Brabús oibriúcháin
3. Dliteanas teagmhasach
4. Sócmhainní seasta Inláimhsithe
5. Ús iníoctha. (90)

**(b)** (i) Cuir in iúl cad is brí le "Mír Eisceachtúil" agus tabhair sampla.

(ii) Déan cur síos ar cad is ciall le tuairisc choinníollach iniúchóra. (10)

**(100 marc)**

**7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Is iad seo a leanas cláir chomhardaithe Uí Riada cpt mar a bhí ar 31/12/2020 agus 31/12/2019.

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2020** | | **31/12/2019** | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Paitinní | | 72,000 | | 81,000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 920,000 | | 750,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (82,000) | 838,000 | (90,000) | 660,000 |
| Innealra | 300,000 | | 240,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (134,000) | 166,000 | (120,000) | 120,000 |
| | | | | |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí luaite 4% | | 40,000 | | 40,000 |
| | | 1,116,000 | | 901,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 145,000 | | 165,000 | |
| Féichiúnaithe | 270,000 | | 200,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh drochfhiach | (5,400) | | (2,000) | |
| Banc | 68,000 | | 27,000 | |
| Urrúis rialtais | 60,000 | | 20,000 | |
| Ioncam infheistíochta dlite | 1,000 | | 400 | |
| | 538,600 | | 410,400 | |
| | | | | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 123,000 | | 99,000 | |
| Cáin chorparáide | 68,400 | | 34,000 | |
| Ús dlite | 10,000 | | 15,000 | |
| | 201,400 | 337,200 | 148,000 | 262,400 |
| | | 1,453,200 | | 1,163,400 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag**: | | | | |
| **Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite tar éis 1 bhliain** | | | | |
| Bintiúir 8%<br>(€50,000 a fuasclaíodh ar 31/12/2020) | | 250,000 | | 300,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 750,000 | | 600,000 | |
| Scairbhiseach | 150,000 | | 120,000 | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 303,200 | 1,203,200 | 143,400 | 863,400 |
| | | 1,453,200 | | 1,163,400 |
| | | | | |

**Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:**

(i) Foirgnimh a chosain €100,000 agus a ndearnadh soláthar €28,000 i leith dímheas iomlán orthu, díoladh ar €90,000 iad.

Ní dhearnadh aon diúscairt ar innealra le linn na bliana.

(ii) Ba é an dímheas a gearradh don bhliain ar fhoirgnimh chun an brabús oibriúcháin a bhaint amach ná €20,000.

(iii) Tá paitinní le hamúchadh thar thréimhse naoi mbliana, ag tosú in 2020.

(iv) Eisíodh na scaireanna ar €1.20 an ceann ar 01/01/2020.

(v) Ba í an díbhinn iomlán a íocadh don bhliain ná 6c an scair, ar scaireanna arna sealbhú an 31/12/2020.

(vi) Íocadh ina hiomláine cáin chorparáide a bhí dlite ar 31/12/2019.

**Iarrtar ort**:

**(a)** (i) Cuntas brabúis agus caillteanais giorraithe Uí Riada cpt a ullmhú chun an brabús oibriúcháin don bhliain dar críoch 31/12/2020 a fháil.

(ii) Ráiteas ar shreabhadh airgid Uí Riada cpt a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2020, ráitis imréitigh san áireamh.

(88)

**(b)** (i) A mhíniú cén fáth go mb'fhéidir nach ionann i gcónaí brabús a shaothrú agus méadú comhfhreagrach a theacht ar iarmhéideanna airgid.
Figiúirí as an gceist seo a úsáid chun tacú le do fhreagra.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a n-ullmhódh Ó Riada cpt ráiteas ar shreabhadh airgid.

(12)
**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Luacháil Stoic, Costáil Táirgí, Tearc-ionsú agus Ró-ionsú Costas**

**(a) Luacháil Stoic**

Is siopa miondíola é Ó Bolguidhir Teo. a cheannaíonn agus a dhíolann aon earra amháin. Baineann an t-eolas thíos le ceannacháin agus díolacháin an ghnólachta don bhliain 2020.

| Tréimhse | Ceannacháin ar creidmheas | Díolacháin ar creidmheas | Díolacháin ar airgead |
|---|---|---|---|
| 01/01/2020-30/04/2020 | 4,500 @ €5 an ceann | 1,100 @ €10 an ceann | 1,700 @ €10 an ceann |
| 01/05/2020-31/08/2020 | 3,600 @ €8 an ceann | 1,400 @ €11 an ceann | 1,200 @ €11 an ceann |
| 01/09/2020-31/12/2020 | 2,600 @ €7 an ceann | 1,600 @ €12 an ceann | 1,350 @ €11 an ceann |

Ar 01/01/2020 bhí stoc tosaigh de 4,700 aonad ann @ €5 an ceann.

**Iarrtar ort**:

(i) Luach an stoic dheiridh ar 31/12/2020 a ríomh agus an modh Is túisce isteach/Is túisce amach (FIFO) á úsáid agat.

(ii) Cuntas trádála a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2020.

**(b) Costáil Táirgí**

Seo thíos sonraí na bhforchostas buiséadaithe in aghaidh na bliana do na déantóirí trealaimh ríomhaireachta, Cinnseallach Teo., a bhfuil trí roinn táirgthe acu.

| Ranna Táirgthe | Forchostais Bhuiséadaithe | Uaireanta Saothair Buiséadaithe | Ráta Pá San Uair |
|---|---|---|---|
| Déantúsaíocht | €840,000 | 42,000 uair | €19.00 |
| Cóimeáil | €389,400 | 22,000 uair | €16.00 |
| Bailchríochnú | €187,000 | 8,500 uair | €18.50 |

Costais bhuiséadaithe don riarachán ginearálta don bhliain €435,000.

**Sonraí Jab Uimhir 667**

Ábhar díreach 45 kg ar €12.20 an kg

| | | |
|---|---|---|
| Uaireanta Saothair Dhírigh | Déantúsaíocht | 24 uair an chloig |
| | Cóimeáil | 8 n-uair an chloig |
| | Bailchríochnú | 2 uair an chloig |

Tá praghas gach ordaithe bunaithe ar chorrlach brabúis de 20%.

**Iarrtar ort**:

(i) Na rátaí ionsúite costas do gach roinn a ríomh.

(ii) Praghas díola Jab Uimhir 667 a ríomh.

**(c) Tearc-ionsú agus Ró-ionsú Costas**

Baineann an t-eolas atá leagtha amach thíos le costais bhuiséadaithe agus le costais iarbhír Dhéantúsaíocht Ui Chonaire Teo.

| Buiséadaithe | Uaireanta Saothair Dhírigh | Uaireanta Meaisín | Forchostas Iomlán |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 14,000 | 36,000 | €234,000 |
| Roinn B | 54,000 | 7,000 | €64,800 |
| Roinn C | 26,000 | --- | €88,400 |

| Iarbhír | Uaireanta Saothair Dhírigh | Uaireanta Meaisín | Forchostas Iomlán |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 16,000 | 39,000 | €262,500 |
| Roinn B | 50,000 | 8,150 | €59,200 |
| Roinn C | 28,400 | --- | €98,200 |

**Iarrtar ort**:

(i) Rátaí ionsúite forchostas na Roinne a ríomh do Ranna A, B agus C.

(ii) An tearc-ionsú/ró-ionsú de réir na roinne agus an tearc-ionsú/ró-ionsú iomlán don tréimhse a thaispeáint. Mínigh cad is ciall leis na figiúirí seo.

**(80 marc)**

## 9. Buiséadú Solúbtha

Déanann Mac Éinrí Teo. comhpháirt do thionscal na míochaine. Tá na buiséid sholúbtha seo ullmhaithe cheana féin do 55%, 75% agus 95% d'acmhainneacht na monarchan:

| **Leibhéil Aschuir** | **55%** | **75%** | **95%** |
|---|---|---|---|
| Aonaid | 27,500 | 37,500 | 47,500 |
| **Costais** | **€** | **€** | **€** |
| Ábhair dhíreacha | 151,250 | 206,250 | 261,250 |
| Tuarastail dhíreacha | 184,250 | 251,250 | 318,250 |
| Forchostais táirgthe | 129,000 | 173,000 | 217,000 |
| Forchostais eile | 150,875 | 203,375 | 255,875 |
| Forchostais riaracháin | 38,500 | 38,500 | 38,500 |
| | 653,875 | 872,375 | 1,090,875 |

Tá an brabús buiséadaithe mar 20% de na díolacháin. Díoltar gach aonad a tháirgtear.

**(a) Iarrtar ort**:

(i) Na forchostais táirgthe a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.

(ii) Na forchostais eile a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.

(iii) Buiséad solúbtha a ullmhú do leibhéal gníomhaíochta 90%. Bain úsáid as prionsabail na costála imeallaí, agus léirigh an cion tairbhe.

**(b)** Tá Mac Éinrí Teo. ag feidhmiú ag 100% dá acmhainneacht faoi láthair agus tá dhá rogha á mbreithniú acu mar seo a leanas:

**Rogha 1**

Nuachóiriú innealra.
Chun é sin a dhéanamh, ba ghá maoirseoir táirgthe nua a fhostú ar chostas €40,000. Shábhálfadh sé sin €1.40 d'fhorchostais táirgthe in aghaidh an aonaid.

**Rogha 2**

Innealra a cheannach a d'ardódh acmhainneacht na monarchan de 15% agus a laghdódh na forchostais sheasta (riarachán san áireamh) de 5%.

**Iarrtar ort**:

(i) Buiséid sholúbtha a ullmhú, agus prionsabail imeallacha chostála a úsáid chun an cion tairbhe a thaispeáint don dá rogha agus na struchtúir chostais nua á gcur san áireamh agat.

(ii) Comhairle a chur ar an gcuideachta maidir leis an rogha is fearr.

**(c) Iarrtar ort**:

(i) Cad is ciall leis an téarma anailís íogaireachta?

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a n-ullmhódh Mac Éinrí Teo. buiséad solúbtha.

**(80 marc)**

**Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo**

**Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo**